

CONNAMARA

Coilin Bairead

Bhi gach duine ag labhairt agus ag canadh ceoil i nGaeilge. Chuir me ceist ar dhuine eigin i mBearla agus d'fhreagair se me i nGaeilge. Thainig uaigneas orm i ndiaidh mo bhaile duthdhais. B'fhacthas dom go raibh me i dtir eigin eile i bhfad i gcein. Sin e adubhairt an fear as Conndae Chill Dara a bhi ag taisteal i gConnamara.

Tugtar Connamara ar an limistear de Chonndae na Gaillimhe taobh thiar de Loch Corrib. Ta an-dhifricht idir oirthear na Gaillimhe agus an ait seo. San oirthear ta pairceanna fearmhara agus cloch aoil sa talamh. Teann sruthanna fo-thalamh a mbealach sa gloch aoil seo agus is minic go n-imthigheann lochanna as radharc. I gConnamara ta sleibhte cloch eibhir ag eirghe go maordha nochtuighthe go dti na realta. Ta an talamh lom sleibhteach agus riasgach in aiteacha. Tagann famairi o gach ceaird de'n domhan go dti an ait de bhrigh go bhfuil clu agus cail ar ailneacht na h-aite. Is feidir sleibhte Chiarraidhe agus Conndae an Chlair a fheiceal o'n ait in aimsir bhreagh. O bharr chnuic ta na milte locha ag lonnradh ar nos sgathain sa ngrein. Toigtear caoire ar na sleibhte agus deanann a lan daoine maireachtail ortha. Thart leis an gcosta deantar a lan iasgaireacht agus tugtar moin go h-oileain Arainn le diol. Se an caitheamh aimsire is mo a bhios ar bun sa samhradh na rasai baid agus is aoibhinn an radharc na gleotoga agus na pucain a fheiceal ag dul timcheall na n-oilean faoi lan tseol gan tracht ar na rasai curracha.

O a Chríost nar mhor an aileacht i pucan
Mhicil Phaidin,
An la ar sheol si amach as Arainn
Is e 'na ghala mhor.